



An Bhruiséil, 30.6.2023
COM(2023) 377 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE

Tuarascáil Ar Dhul Chun Cinn maidir le Colún a hAon

1. Réamhrá

Rinneadh na Rialacha Samhla Domhanda i gcoinne Chreimeadh an Bhoinn maidir le Colún a Dó de ráiteas Dheireadh Fómhair 2021 den Chreat Cuimsitheach maidir le Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (Creat Cuimsitheach maidir le BEPS)¹ a fhorghnó an 14 Nollaig 2021 agus d'eisigh an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) iad an 20 Nollaig 2021². Tá an obair theicniúil ar ghnéithe áirithe den Treoir Riaracháin (lena n-áirítear an Cuan Sábháilte um Íosmhéid Cáilithe Intíre Cánach Breisiúcháin, an Cuan Sábháilte um an Riail Idirthréimhseach maidir le Brabús faoi Thearc-Cháin agus Tuairisceán Faisnéise GloBE) á tabhairt chun críche faoi láthair ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta agus tá sé beartaithe aici an obair sin a chríochnú faoi mhí Iúil 2023.

Cuireadh Rialacha Samhla GloBE maidir le Colún a Dó chun feidhme i ndlí an Aontais tríd an Treoir maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí fiontar ilnáisiúnta agus do ghrúpaí intíre ar mhórsála san Aontas an 15 Nollaig 2022 (Treoir Cholún a Dó)³. Le hAirteagal 57 de Threoir Cholún a Dó ceanglaítear ar an gCoimisiún, faoin 30 Meitheamh 2023, tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le cur chun feidhme Cholún a hAon de ráiteas Dheireadh Fómhair 2021. Tugtar measúnú gearr sa tuarascáil seo ar staid na caibidlíochta ag ECFE maidir le Colún a hAon. Ós rud é go bhfuil an obair ar Cholún a hAon fós ar siúl ar leibhéal ECFE, tugtar measúnú sa tuarascáil seo ar chur chun feidhme Cholún a hAon tráth a scríobhadh an tuarascáil seo.

2. Measúnú ar chur chun feidhme Cholún a hAon

Tá dhá phríomhghné i gColún a hAon⁴. Soláthraíonn Méid A ceart cánach nua thar sciar de na brabúis iarmharacha⁵ de na fiontair ilnáisiúnta is mó agus is brabúsaí ar domhan do dhlínsí margaidh. Tá sé d'aidhm ag Méid B cur i bhfeidhm phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách ar ghníomhaíochtaí margaíochta agus dáilte bunlíne intíre a shimpliú agus a chuíchóiriú⁶.

Mhúnlaigh an Creat Cuimsitheach maidir le BEPS an comhaontú maidir le príomhghnéithe Mhéid A mar a léirítear sa ráiteas i mí Dheireadh Fómhair 2021. Thug an Creat Cuimsitheach maidir le BEPS sainordú don Tascfhórsa um an nGeilleagar Digiteach (TFDE) dul chun cinn a dhéanamh leis an obair theicniúil. Sa Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i mí Iúil 2022 maidir le Méid A de Cholún a hAon⁷, sainathnódh na príomhghnéithe seo a leanas de Mhéid A:

- na rialacha maidir leis an raon feidhme ina bhfuil tairseacha atá ceaptha chun a áirithiú nach mbeidh feidhm ag Méid A ach amháin maidir le grúpaí móra atá an-bhrabúsach.

¹ <https://www.oecd.org/tax/beps/statement-on-a-two-pillar-solution-to-address-the-tax-challenges-arising-from-the-digitalisation-of-the-economy-october-2021.htm>

² <https://www.oecd-ilibrary.org/docserver/782bac33-en.pdf?expires=1686754557&id=id&accname=oid031827&checksum=CA2158A15A6D3578CA5F47F381F39C5D>

³ Treoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórsála intíre san Aontas IO L 328, 22 Nollaig 2022, lch. 1.

⁴ Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an Treoirphlean ar Cholún a hAon: <https://www.oecd-ilibrary.org/docserver/beba0634-en.pdf?expires=1686754864&id=id&accname=oid031827&checksum=514DF17DC29D8C2C6CFFDE643BFC3A6D>

⁵ Chun críoch Méid A, sainathnítear gurb é brabús iarmharach an ghrúpa an brabús de bhreis ar an tairseach bhrabúsachta de 10 % den Tuairisceán Grúpa ar Díol.

⁶ Is é prionsabal an fheidhmithe neamhspleách an caighdeán idirnáisiúnta a chomhaontaigh ballstáit ECFE a úsáid chun praghsanna aistrithe a chinneadh chun críoch cánach.

⁷ <https://www.oecd.org/tax/beps/progress-report-on-amount-a-of-pillar-one-july-2022.pdf>

Eisiann na rialacha sin ioncam agus brabúis ó ghníomhaíochtaí eastósctha agus ó sheirbhísí airgeadais rialáilte ó raon feidhme Méid A;

- nasc sainchuspóireach lena sainaithnítear na dlínsí atá incháilithe do Mhéid A, agus rialacha mionsonraithe maidir le hioncam a aimsiú lena gcuirfear modheolaíocht ar fáil chun an áit a nginfear ioncam grúpa a chinneadh;
- na rialacha maidir le bonn cánach lena bhforáiltear na céimeanna chun brabús (nó caillteanas) grúpa a ríomh a úsáidfear chun Méid A a ríomh;
- na rialacha maidir le leithdháileadh brabúis bunaithe ar fhoirmle lena leithdháiltear 25 % de bhrabúsacht grúpa atá os cionn bhrabúsacht 10 % ar ioncam an ghrúpa ar dhlínsí margaidh incháilithe, agus lena gcuirtear san áireamh an calafort sábháilte margaíochta agus dáilte do dhlínsí margaidh a bhfuil cearta cánach acu cheana ar bhrabúis iarmharacha an ghrúpa;
- rialacha chun deireadh a chur le haon chánachas dúbailte a eascraíonn as Méid A a chur i bhfeidhm mar fhorleagan ar an gcóras leithdháilte brabúis atá ann cheana;
- agus próiseas cinnteachta cánach do rialacha nua Mhéid A agus aon saincheisteanna gaolmhara.

Tá na rialacha maidir le Méid A atá comhaontaithe cheana féin le comhaltaí TFDE á n-aistriú ina bhforálacha lena gcur san áireamh i gCoinbhinsiún Iltaobhach agus i Ráiteas Míniúcháin ó Rúnaíocht ECFE. Bunóidh an Coinbhinsiún Iltaobhach oibleagáidí dlíthiúla na bpáirtithe Méid A a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe comhsheasmhach. Beidh tráchtairachtaí agus léirmhínte ar rialacha an Choinbhinsiúin Iltaobhaigh sa Ráiteas Míniúcháin.

Níl obair theicniúil TFDE críochnaithe go fóill. Rinneadh roinnt cruinnithe a sceidealú sna seachtainí amach romhainn. Ar na gnéithe den Choinbhinsiún Iltaobhach atá fós á bplé, tá an méid seo a leanas: cánachas dúbailte a dhíothú, cuan sábháilte margaíochta agus dáilte agus cóireáil cánacha iarchoimeádta, stad agus rolladh siar cánacha seirbhísí digiteacha agus bearta aontaobhacha ábhartha eile den chineál céanna, díolúine ghnó baile uathrialach a chur chun feidhme agus ioncam cosantach a laghdú, chomh maith leis an gcoinníoll go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

Tá sé mar aidhm ag Rúnaíocht ECFE an obair theicniúil a thabhairt chun críche faoin 10-12 Iúil 2023 agus pacáiste an Choinbhinsiúin Iltaobhaigh agus an Ráiteas Míniúcháin a thíolacadh. Ós rud é go dteastaíonn tuilleadh ama ó dhlínsí, ar chúiseanna intíre, sula síneofar an Coinbhinsiún Iltaobhach, meastar go mbeidh searmanas sínithe an Choinbhinsiúin Iltaobhaigh ar siúl ag deireadh 2023.

Tá sé beartaithe ag Rúnaíocht ECFE freisin go mbeidh réamh-chomhaontú ann i mí Iúil maidir le príomh-chomhpháirteanna Mhéid B faoi réir céim bhailíochtaithe a bheidh le cur i gcrích faoi dheireadh 2023. Go háirithe, tá sé d'aidhm ag ECFE teacht ar chomhaontú maidir leis na gnéithe seo a leanas de Mhéid B:

- an raon feidhme, agus obair bhreise le déanamh faoi dheireadh na bliana chun saineáil níos fearr a dhéanamh ar liosta na ngníomhaíochtaí eisiata agus ar oiriúnacht na modheolaíochta praghsála le haghaidh earraí digiteacha;
- tús a chur le céim bhailíochtaithe ar an gcreat praghsála a bheidh ar siúl go dtí deireadh na bliana agus a mbeidh comhairliúchán poiblí nua mar chuid di;
- creat cur chun feidhme lena n-aithnítear go n-áireofar Méid B i dTreoirínnte ECFE maidir le Pragsáil Aistrithe i mí Eanáir 2024, le hathbhreithniú ar Mhéid B tar éis 3 bliana cur chun feidhme.

3. Conclúid

Is díol sásaimh don Choimisiún na hiarrachtaí móra a rinneadh go dtí seo agus an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus molann sé go mór do na rannpháirtithe uile iarracht deiridh a dhéanamh chun teacht ar chomhaontú maidir leis an gCoinbhinsiún Iltaobhach chun Colún a hAon a chur chun feidhme. Tacaíonn an Coimisiún go láidir leis an rún atá ag Rúnaíocht ECFE an Coinbhinsiún Iltaobhach agus an Ráiteas Míniúcháin a thabhairt chun críche agus an pacáiste a thíolacadh i mí Iúil 2023 chun a áirithiú go bhféadfaí an Coinbhinsiún Iltaobhach a shíniú a luaithe is féidir. Cuireann sé deis ar fáil teacht ar chomhaontú stairiúil i réimse an chánachais idirnáisiúnta agus an obair ar an ráiteas a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2021 maidir le dhá Cholún a thabhairt chun críche. Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall a áirithiú go gcuirfear Colún a hAon chun feidhme go tráthúil agus go comhsheasmhach ar leibhéal an Aontais.